Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**9425/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0089(NLE)**

**ACP 35**
**WTO 50**
**RELEX 659**
**COAFR 112**
**FDI 16**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Infheistíocht a Éascú arna bhunú leis an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Infheistíocht a Éascú |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Infheistíocht a Éascú arna bhunú leis an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Infheistíocht a Éascú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla (‘an Comhaontú’) i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2024/829 ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2024.

(2) De bhun Airteagal 45(1) den Chomhaontú, beidh an chumhacht ag an gCoiste um Infheistíocht a Éascú (‘an Coiste’) cinntí a dhéanamh i gcás ina bhforáiltear dó sin sa Chomhaontú.

(3) Foráiltear le hAirteagal 44(2) den Chomhaontú go bhfuil an Coiste lena rialacha nós imeachta féin a ghlacadh ag a chéad chruinniú.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh atá beartaithe ag an gCoiste a mhéid a bhaineann le glacadh a Rialacha Nós Imeachta ina cheangal ar an Aontas.

(5) Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, is é ba cheart a bheith ann tacú le glacadh an chinnidh ón gCoiste a mhéid a bhaineann le glacadh a Rialacha Nós Imeachta, toisc go bhfuil gá leis na Rialacha Nós Imeachta sin le haghaidh feidhmiú cuí an Choiste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (AE) 2024/829 ón gComhairle an 4 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla (IO L, 2024/829, 8.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/829/oj).

*Airteagal 1*

1. Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Infheistíocht a Éascú ('an Coiste'), beidh sé bunaithe ar théacs an dréachtchinnidh ón gCoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

2. Féadfaidh ionadaithe ón Aontas sa Choiste mioncheartúcháin theicniúla ar an dréachtchinneadh ón gCoiste a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*